An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

# Nóta Faisnéise do Scoileanna

## Coigeartuithe ar Mheasúnuithe don Bhliain 2027 agus Ar Aghaidh

## Coigeartú Iarmharcála

Tá an tAire Oideachais agus Óige Helen McEntee tar éis a dheimhniú go leanfar den fhilleadh céimneach ar na gnáthshocruithe do na Scrúduithe Stáit in 2026 agus ar aghaidh. Leagtar na coigeartuithe amach sa nóta seo.

### Coigeartuithe Socraithe ar Scrúduithe agus Measúnuithe na hArdteistiméireachta

Dheimhnigh an tAire Oideachais agus Óige i mí Aibreáin na bliana seo go mbeadh na coigeartuithe reatha ar scrúduithe agus measúnuithe, atá i bhfeidhm ó bhí 2022 ann, fós i bhfeidhm i leith rang Ardteistiméireacht na bliana 2026. Tá sonraí maidir leis na coigeartuithe sin ar fáil anseo.

Tá an tAire tar éis a dheimhniú go mbeidh na coigeartuithe sin fós i bhfeidhm, i leith rang Ardteistiméireacht 2027 agus na ranganna ar aghaidh, ar gach ábhar atá ann cheana go dtí go dtiocfaidh sonraíochtaí nua nó leasaithe ina n-ionad faoi Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

Is iad coigeartuithe ar scrúduithe agus measúnuithe na bliana 2025, dá bhrí sin, a bheidh i bhfeidhm in 2027 ar gach ábhar **seachas** orthu siúd atá i Sciar 1 d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. A dhála sin, is iad na coigeartuithe céanna a bheidh i bhfeidhm in 2028 ar gach ábhar seachas orthu siúd atá i Sciartha 1 agus 2 d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí agus araile. Ó thaobh na n-ábhar atá le cur san áireamh i ngach Sciar de, cuireadh in iúl do scoileanna, daltaí agus páirtithe leasmhara iad agus is féidir teacht orthu .

### Coigeartuithe ar Scrúduithe agus Measúnuithe Dhaltaí na hArdteistiméireachta Feidhmí

Tá faisnéis maidir le coigeartuithe ar Ardteistiméireacht Fheidhmeach na scoilbhliana 2025/2026 ar fáil anseo. Maidir le daltaí a thosaigh Bliain 1 den ATF i mí Mheán Fómhair 2025 nó ina dhiaidh sin, ní laghdófar líon na dtascanna a bheidh le cur i gcrích acu i mBliain 2 den ATF.

An fachtóir scála 1.15 a bhí i bhfeidhm ar na míreanna scríofa de na scrúduithe, beidh feidhm aige fós i leith daltaí a thosaigh Bliain 1 den ATF i mí Mheán Fómhair 2025 nó a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2026 í.

Is faoi ghnáthmheasúnú iomlán an ATF a bheidh daltaí a thosóidh Bliain 1 den ATF in 2027 (i.e. rang Ardteistiméireacht Feidhmí na bliana 2029) agus ní bheidh feidhm ag an bhfachtóir scála ina leith.

A bhuí leis an gcur chuige sin, tugtar deimhneacht do dhaltaí, scoileanna agus múinteoirí maidir leis na coigeartuithe ar scrúduithe agus measúnuithe agus ní cheanglófar ar mhúinteoirí athruithe gearrthéarmacha ar scrúduithe reatha a bhainistiú sula dtabharfar isteach na hábhair agus na scrúduithe leasaithe faoi Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

## **An tSraith Shóisearach -** Measúnuithe rangbhunaithe

De bharr na gcoigeartuithe ar mheasúnuithe na Sraithe Sóisearaí go dtí seo, ceanglaítear ar dhaltaí ceann amháin in ionad dhá cheann de mheasúnuithe rangbhunaithe (MRBanna) a chur i gcrích agus ní chuirtear scrúdú orthu sa Tasc Measúnaithe. Tá an socrú sin i bhfeidhm i leith daltaí atá sa tríú bliain (2025/26) faoi láthair.

Beidh na coigeartuithe reatha maidir le MRBanna fós i bhfeidhm i leith ranganna tríú bliana de Shraith Shóisearach 2026/27 agus 2027/28. Ceanglófar ar na daltaí sin MRB amháin, seachas dhá cheann, a chur i gcrích agus ní chuirfear scrúdú orthu sa Tasc Measúnaithe.

Sa Staidéar Fadaimseartha ar an tSraith Shóisearach a rinne Ollscoil Luimnigh thar cheithre bliana, fuarthas go bhfuil MRBanna tábhachtach i dtaobh cabhrú le daltaí eochairscileanna na Sraithe Sóisearaí a fhorbairt agus go dtaitníonn an modh foghlama sin leo.

Níor cuireadh gach socrú leasaithe ar mheasúnuithe faoin tSraith Shóisearach i bhfeidhm de dheasca chur isteach na paindéime, áfach, agus níor tugadh faoi thaca iomlán na MRBanna riamh ó shin. I bhfianaise na ndálaí sin, tá sé iomchuí feasta athbhreithniú a dhéanamh ar na MRBanna, agus an taithí go dtí seo curtha san áireamh ann, d’fhonn an t-ábhar a athnuachan agus a nuashonrú de réir mar is gá agus tacú le daltaí go seasta chun foghlaim i mbarr a maitheasa. Déanfaidh sé sin eolas don seasamh i leith na MRBanna do rang Shraith Shóisearach na bliana 2028/29.

## **An tSraith Shóisearach -** Coigeartuithe ar obair chúrsa

Beidh na coigeartuithe ar na míreanna nó na tionscadail phraiticiúla d’ábhair na hAmharc-Ealaíne, na hInnealtóireachta, na Grafaice Deartha, an Cheoil, na hEacnamaíochta Baile, na Teicneolaíochta Feidhmí agus na Teicneolaíochta Adhmaid fós i bhfeidhm i leith daltaí atá sa dara bliain nó sa tríú bliain faoi láthair. Ní bheidh feidhm ag na coigeartuithe sin i leith daltaí a thosaigh an chéad bhliain i mí Mheán Fómhair 2025 nó ina dhiaidh sin, áfach.

## Cur i bhfeidhm an choigeartaithe iarmharcála ar thorthaí marcáilte na hArdteistiméireachta

Ó bhí 2022 ann, cuirtear coigeartú iarmharcála i bhfeidhm ar thorthaí marcáilte na hArdteistiméireachta mar fhreagairt ar an gcur isteach a rinneadh ar an múinteoireacht agus an fhoghlaim le linn phaindéim COVID-19. Mar gheall air sin, coimeádadh na torthaí ag an leibhéal céanna agus a bhí ann in 2021, tar éis phróiseas na nGrád Creidiúnaithe, i measc ranganna Ardteistiméireacht 2022, 2023 agus 2024.

I mí Aibreáin 2024, d'fhógair Aire Oideachais na linne go bhfillfí go céimneach ar na gnáthshocruithe maidir le torthaí ó Ardteistiméireacht 2025 ar aghaidh. Mar chuid den chur chuige tomhaiste sin, rinneadh laghdú beag ar leibhéal an choigeartaithe iarmharcála a bhí á chur i bhfeidhm in 2025. Calabraíodh an laghdú sin go mion chun an tionchair ar dhaltaí a íoslaghdú agus chun tacú leis an bhfilleadh ar na gnáthdhálaí. De bharr an choigeartaithe iarmharcála in 2025, tugadh tacar foriomlán na dtorthaí comhiomlána chuig pointe nárbh ísle ná leathshlí idir leibhéil na mblianta 2020 agus 2021, a bheag nó a mhór.

Tá an tAire Oideachais agus Óige tar éis a dheimhniú go gcuirfear coigeartú iarmharcála i bhfeidhm arís ar na torthaí in 2026 lena dtabhairt chuig pointe atá díreach faoi leibhéil na bliana 2020. Ceaptar gur cosúil leis an leibhéal sin a bheidh an laghdú ar thorthaí na bliana 2027. Táthar ag súil nach mbeidh aon choigeartú iarmharcála le cur i bhfeidhm in 2027.